Úsáid TFC
Gnéithe Inmhianaithe

Taighde a Dhéanamh

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoi threoir an mhúinteora a bhaineann le rochtain a fháil ar acmhainní, le nascleanúint a dhéanamh agus/nó le cuardach a dhéanamh ar líne agus ag déanamh moltaí nuair a thugann an múinteoir cuairt ar acmhainní éagsúla. *Is féidir go gcuimseoidh sé seo rochtain a fháil ar shuíomhanna gréasáin, stór íomhánna, léarscáileanna agus acmhainní eile.* (Fiosrú)
- Coimhéad agus moltaí a dhéanamh i bplé faoi threoir an mhúinteora, de réir mar a dhéanann an múinteoir acmhainní nó faisnéis a shainaithint agus a shábháil. *Is féidir go gcuimseoidh sé seo úsáid a bhaint as 'cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' le híomhá a íoslódáil.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoin obair acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- Sócmhainn nó acmhainn a thaispeáint a d'íoslódáil siad le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Focal cuardaigh a cóipeáil isteach in inneall chuardaigh le cuidiú an mhúinteora. Sraith treoracha a leanúint ag úsáid innill chuardaigh le fuaimeanna, pictiúir, léarscáileanna nó ábhair eile a chuardach faoi threoir an mhúinteora. (Fiosrú)
- Acmhainní nó faisnéis ábhartha ar líne a shainaithint agus a íoslódáil le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseoidh seo 'cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' a úsáid le híomhá a íoslódáil chuig 'Mo Chuid Doiciméad'.* (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh a bhféadfadh siad feabhsuithe simplí a chur ar a gcuid oibre, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- An tsócmhainn nó acmhainn acu a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú ón mhúinteoir. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Téarmaí cuardaigh tugtha a chur isteach in inneall cuardaigh agus éagsúlacht foclaíochta a úsáid le torthaí a bheachtú ag leanúint treoracha an mhúinteora. Ábhar ar shuíomhanna gréasáin tugtha a fhiosrú le fuaimeanna, pictiúir agus sócmhainní eile a chuardach. (Fiosrú)

- Acmhainní nó faisnéis ábhartha ar líne a shainaithint agus a íoslódáil ag leanúint treoracha an mhúinteora, ag déanamh eagarthóireachta nuair is gá. *Is féidir go gcuimseoidh sé seo cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' a úsáid le híomhá nó píosa téacs a íoslódáil chuig 'Mo Chuid Doiciméad' agus athleagan a chur ar mhíreanna ríthábhachtacha.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo ríomhphoist a chur nó postáil a dhéanamh ar wiki, ar bhlag nó ar shnáithe plé. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathruithe a dhéanamh le toradh a gcuardach a fheabhsú. B'fhéidir go cuimseoidh sé seo eochairfhocail, eochairfhrásaí agus scagairí a úsáid. (Luacháil)
- Na sócmhainní a íoslódáladh a shábháil faoi chomhadainm agus/nó iad a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Roinnt téarmaí cuardaigh tugtha a chur isteach ar inneall cuardaigh agus éagsúlacht foclaíochta a úsáid le torthaí a bheachtú. Ábhar ar shuíomhanna gréasáin tugtha a fhiosrú le neamhspleáchas atá ag forbairt, le fuaimeanna, pictiúir agus sócmhainní eile a chuardach. (Fiosrú)
- Acmhainní nó faisnéis ábhartha ar líne a shainaithint agus a íoslódáil le neamhspleáchas méadaitheach, ag déanamh eagarthóireachta nuair is gá. *Is féidir go gcuimseoidh sé seo 'cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' a úsáid le híomhá nó píosa téacs a íoslódáil agus ansin roinnt eagarthóireachta a dhéanamh amhail an íomhá a bhearradh agus athleagan a chur ar mhíreanna ríthábhachtacha.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost le ceangaltán a chur nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram plé.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo plé faoin dóigh a bhféadfadh an cuardach a bheachtú níos mó nó eochair fhoinsí creidiúnacha faisnéise a bhaineann leis an chuardach a shainaithint.* (Luacháil)
- Na sócmhainní a íoslódáladh a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Téarmaí cuardaigh a roghnaigh go neamhspleách agus iad a chur isteach in inneall cuardaigh agus éagsúlacht foclaíochta agus ard-oibreoirí a úsáid le torthaí a bheachtú. Ábhar ar shuíomhanna gréasáin tugtha a luacháil agus fuaimeanna, íomhánna agus sócmhainní ábhartha eile a chuardach, agus ábhair faoi chóipcheart agus saor ó chóipcheart araon a shainaithint. (Fiosrú)

- Acmhainní nó faisnéis ábhartha ar líne a shainaithint agus a íoslódáil go neamhspleách, ag déanamh eagarthóireachta nuair is gá. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo 'cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' a úsáid le híomhá nó píosa téacs a íoslódáil agus a shábháil i bhformáid chuí, mar shampla, mar jpeg, agus ansin roinnt eagarthóireachta a dhéanamh air, amhail an íomhá a ionramháil i mbogearraí eagarthóireachta íomhánna nó comhad fuaime a fheabhsú.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus a gcuid faisnéise, smaointe agus torthaí a mhalartú agus a roinnt, agus iad ag comhoibriú ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo obair ar líne le taighde a roinnt le piaraí nó díospóireacht agus/nó plé a dhéanamh ar an ábhar atá le cur sa tasc acu.* (Malartú)
- An timthriall de 'phleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo a gcuardaigh a fhorbairt agus a bheachtú, na torthaí difriúla a luacháil maidir le cruinneas agus le hiontaofacht agus cinneadh orthu siúd atá ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. D'fhéadfadh siad aiseolas ar dhréachtaí luath a gcuid oibre a iarraidh ar phiaraí nó moltaí a iarraidh ar chuardaigh eile le tacú lena dtorthaí nó iad a fheabhsú.* (Luacháil)
- Aon chomhaid/agus nó ábhair ar bith a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Téarmaí cuardaigh a roghnaigh go neamhspleách agus go córasach agus iad a chur isteach in inneall cuardaigh agus éagsúlacht foclaíochta agus ard-oibreoirí a úsáid le torthaí a bheachtú. Ábhair suíomhanna gréasáin tugtha a fhiosrú agus iad a chuardach le haghaidh fuaimeanna, íomhánna agus sócmhainní ábhartha eile agus iad a íoslódáil agus a rogha sócmhainní a chosaint. (Fiosrú)
- Acmhainní nó faisnéis níos ábhartha ar líne a shainaithint, a roghnú agus a íoslódáil, ag déanamh eagarthóireachta nuair a gcaithfear freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo úsáid a bhaint as 'cóipeáil is greamaigh', 'sábháil mar' nó 'sábháil sprioc mar' le híomhá nó píosa téacs a íoslódáil agus a shábháil i bhformáid chuí, mar shampla, mar jpeg, agus ansin roinnt eagarthóireachta a dhéanamh air, amhail an íomhá a ionramháil i mbogearraí eagarthóireachta , nó eagarthóireacht a dhéanamh ar téacs ionas nach mbeidh ach faisnéis ann atá ábhartha don úsáideoir deiridh nó comhad fuaime a fheabhsú.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh ar a gcuid faisnéise, smaointe agus a gcuid torthaí agus iad a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú lena bpiaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo comhoibriú a dhéanamh le piaraí ar ábhar agus/nó dearadh, mar shampla, píosa taighde a roinnt ar fhóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha na mbogearraí a úsáid amhail athruithe rianaithe, le tráchtanna agus cosaintí dáiríre a dhéanamh díreach ar na doiciméid.* (Malartú)

- An fheidhm a roghnaigh siad leis an tasc a chomhlánú, na roghanna malartacha a bhí faoi chaibidil acu agus an próiseas rinne siad leis an tasc taighde a chur i gcrích, a chosaint. An dóigh a gcomhlíonann a dtorthaí na riachtanais atá leagtha amach i mionteagasc an taisc agus riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra atá sainithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas cuardaigh a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochair-phointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an doiciméad deiridh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Úsáid a bhaint as critéir chuardaigh a cheapadh go mion agus an cur chuige is úsáidí a aimsiú go córasach, ag cosaint cinntí agus taifead a choinneáil de fhoinsí faisnéise. Fios a bheith acu ar shaincheisteanna cóipchirt agus faisnéis a roghnú, a íoslódáil agus a úsáid agus idirdhealú a dhéanamh idir sócmhainní agus faisnéis ó bhreis agus foinse amháin. *B'fhéidir go gcuimsíodh sé seo cuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin le bhfuil dearcthaí éagsúla ar an ábhar atá leagtha amach i mionteagasc an taisc, mar shampla, an t-athrú aeráide, agus idirdhealú a dhéanamh idir foinsí maidir le cruinneas, iontaofacht agus claontacht fhéideartha.* (Fiosrú)
- An t-ábhar is ábhartha as réimse foinsí ar líne a shainaithint, a roghnú agus a íoslódáil, agus é a shábháil i bhformáid chuí, eagarthóireacht a dhéanamh air le húsáid sa tasc agus taifead a choinneáil de na hathruithe a rinne siad. (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht iomlán comhoibríoch. *B'fhéidir go cuimseoidh sé seo faisnéis, smaointe agus torthaí a roinnt ar bhlag le haiseolas a chruinniú ó phiaraí, saineolaithe agus ó húsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir le cur leis an chaighdeán ard agus le hoiriúnacht na faisnéise bailithe don úsáideoir deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an taisc a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an leagan deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go gcuimseoidh sé seo aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh.* (Luacháil)
- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú á gcur san áireamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit chuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, lena n-áirítear iompraíocht inghlactha ar líne.